



Fáilte roimh chách

Nuacht TG4 (Leibhéal B1)

A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi theifigh ag teacht go hÉirinn. Bí ag obair leis na daoine eile sa ghrúpa agus pléigí na ceisteanna seo le chéile:

1. An féidir libh na sainmhínithe cearta a mheaitseáil leis na téarmaí cúí?

Teifigh (refugees)	Daoine a fhágann a dtír dhúchais féin toisc go bhfuil a saol i mbaol nó toisc go bhfuil géarleanúint á déanamh orthu. Bíonn na daoine seo ag lorg tearmainn i dtíortha eile ach ní 'teifigh' iad go fóill.
Lucht iarrtha tearmainn (asylum seekers)	Daoine a fhágann a dtír dhúchais chun saol níos fearr a bheith acu i dtír eile.
Imircigh (migrants)	Daoine a fhágann a dtír dhúchais féin toisc go bhfuil a saol i mbaol nó toisc go bhfuil géarleanúint á déanamh orthu.

2. Deirtear go bhfuil na hÉireannaigh an-fháilteach mar dhaoine. An bhfuil na ráitis seo fíor nó bréagach, dar libh?

- ✓ Is maith leis na hÉireannaigh bualadh le daoine nua.
- ✓ Tugann muintir na hÉireann cuireadh do strainséirí go dtí a dtithe go minic.
- ✓ Is maith le hÉireannaigh nuair a bhíonn a lán daoine ó thíortha eile ina gcónaí sa cheantar céanna leo féin.
- ✓ Is maith le hÉireannaigh deoch nó bia a cheannach do dhaoine eile go rialta.
- ✓ Tá 'saol an phobail' an-tábhachtach in Éirinn.
- ✓ Nuair a thiteann duine ar an tsráid, cuidíonn daoine eile leis an duine sin i gcónaí.

B: FOCLÓIR

1. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

slógadh	message
tacaíocht	shameful act, deed
agóid	being settled
á lonnú	rally
i gcoinne an chiníochais	in time of need
teachtaireacht	split
gníomh náireach	protest
rogha	support
in am an ghátair	choice
scoilt	against racism

2. Bain úsáid as na focail Ghaeilge thuas chun na bearnaí a líonadh sna habairtí seo a leanas:

- Ní bhíonn aon _____ ag teifigh ach a dtíortha a fhágáil.
- Caithfimid seasamh le chéile _____.
- Bhí _____ ar bun inar léiríodh míshástacht faoi theifigh a bheith _____ san áit.
- Bhí _____ ar siúl chun _____ a léiriú do na teifigh.
- _____ a bhí san agóid i gcoinne na dteifeach, a dúirt muintir an phobail.
- Tá siad ag iarraidh _____ a chruthú sa phobal.
- Is é _____ an tslógaidh ná go bhfuil fáilte roimh theifigh agus roimh lucht iarrtha tearmainn.
- D'eagraigh daoine atá _____ an slógadh anseo inniu.

3. Cén Ghaeilge a chuirfeá ar na frásaí seo a leanas:

You're welcome: _____
Welcome to Ireland: _____
A hundred thousand welcomes: _____
A generous welcome: _____

C: TUISCINT

Féach ar an mír den chéad uair agus freagair na ceistanna seo a leanas:

1. Cén fáth a raibh slógadh i Mainistir Fhear Maí?
2. Cén fáth a raibh agóid ann an tseachtain roimhe sin?
3. Cén fáth ar luadh na figiúirí seo: 300, 60, 25, 70?

Féach ar an mír den dara huair. Cad a dúirt na cainteoirí ar fad? Meaitseáil na cainteoirí ar chlé leis an eolas cúí ar dheis. Bí ag obair leis an duine in aice leat.

Na cainteoirí	An méid a dúirt siad...
1. Gus Ó Céilleachair	a) Ba mhaith linn a chur in iúl do na teifigh go bhfuil fáilte rompu anseo.
2. Tadhg Ó Síocháin	b) Bhí na daoine a rinne agóid in éadan na dteifeach ag iarraidh scoilt a chruthú sa phobal.
3. Tríona Ní Shíocháin	c) Tá fáilte roimh theifigh anseo mar níl aon rogha eile acu.
4. Amhlaoibh Ó Síocháin	d) Tá sé an-tábhachtach tacaíocht a thabhairt do dhaoine in am an ghátair.

1	2	3	4

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (an aidiacht shealbhach)

a) Líon na bearnaí sna samplaí ón mír leis na focail chuí ón mbosca:

dteachtaireacht	gcoinne
-----------------	---------

Bá é a _____ ná go raibh fáilte roimh theifigh.

Seasfaimid le daoine a bhfuil an saol tar éis dul ina _____.

b) Cén fáth a bhfuil urú ar na focail sa bhosca thuas? Líon isteach na bearnaí sna táblaí thíos:

mo + cóta	mo chóta
do + cóta	
a + cóta (his)	
a + cóta (her)	
ár + cótaí	
bhur + cótaí	
a + cótaí	

mo + árasán	
do + árasán	
a + árasán (his)	
a + árasán (her)	
ár + árasán	
bhur + árasán	
a + árasán	

2: Saibhreas teanga (seanfhocail)

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Cad is brí leis na seanfhocail seo? An aontaíonn sibh leo?

Is ar scáth a chéile a mhaireann na daoine.

Aithnítear cara i gcruatan.

Ní théann fial go hifreann.

Mol an óige is tiocfaidh sí.



E: CUMARSÁID

1: Caint

Bí ag obair leis na daoine eile i do ghrúpa agus déanaigí plé ar an gceist seo:

Cad iad na rudaí a theastaíonn ó theifigh nuair a thagann siad go hÉirinn?

Déanaigí ransú intinne le chéile agus bíodh ar a laghad deich bpointe agaibh. Mar shampla:

Bíonn lóistín ag teastáil uathu.

Bíonn comhbhá uathu.



2: Scríobh

Scríobh postáil do na meáin shóisialta dar teideal ‘10 rud ba cheart do mhuintir na hÉireann a dhéanamh le fáilte a chur roimh theifigh’. Mar shampla:

Ba cheart dúinn lóistín a thabhairt dóibh.

Ba cheart dúinn comhbhá agus tuiscint a léiriú dóibh.

AN SCRIPT

Eimear Ní Chonaola

D'fhreastail suas le 300 duine ar shlógadh i Mainistir Fhear Maí i gContae Chorcaí inniu le tacaíocht a léiriú agus le fáilte a chur roimh theifigh atá tagtha go dtí an ceantar. Bhí daoine thar a bheith míshásta faoi agóid a bhí ar bun an tseachtain seo caite ar an mbaile inar léiríodh míshástacht faoi theifigh a bheith á lonnú san áit.

Tomás Ó Mainnín

Ba iad an grúpa pobail Mainistir Fhear Maí agus Mala i gcoinne an Chiníochais a d'eagraigh slógadh an lae inniu anseo i Mainistir Fhear Maí. Ba é a dteachtaireacht ná go raibh fáilte roimis¹ theifigh agus lucht iarrtha tearmainn sa cheantar seo agus go dtabharfaí tacaíocht an phobail dóibh. Eagraíodh slógadh an lae inniu anseo tar éis eachtra a tharla anseo i Mainistir Fhear Maí an tseachtain seo caite. Dé Céadaoin seo a d'imigh tharainn bhí grúpa teifeach á athlonnú go dtí Clochar Naomh Seosamh anseo sa bhaile ach eagraíodh agóid ag léiriú míshástacht le teifigh a bheith á lonnú anseo. Tá suas le 60 teifeach lonnaithe le seachtain san iarchlochar, 25 leanbh ina measc sin. Bhí suas le 70 duine i mbun agóide lasmuigh den ionad agus na teifigh á lonnú ann. Gníomh náireach a dúradh anseo inniu, nach n-aontaíonn mórán de phobal na háite leis.

Gus Ó Céilleachair, Mainistir Fhear Maí

Is ó Mhainistir Fhear Maí mise, agus na *refugees* atá tagtha anseo, níl aon *choice* acu agus tá fáilte rompu inár measc anseo.

Tadhg Ó Síocháin, Bántír, Contae Chorcaí

Ba cheart déanamh amach gur mhaith le muintir Mhainistir Fhear Maí fáilte a chur roimh na daoine atá tagtha chugainn agus díreach lena chur in iúl dóibh siúd go bhfuil fáilte rompu againne.

Triona Ní Shíocháin, Mainistir Fhear Maí

Táimid anseo mar go bhfuil sé chomh tábhachtach fáilte a chur roimis gach éinne agus in am an ghátair go seasfaimid le daoine eile go bhfuil an saol tar éis dul ina gcoinne agus go dtuigeann siad go bhfáilteofar rompu i gcónaí i Mainistir Fhear Maí, cuma cad as dóibh.

Tomás Ó Mainnín

Cad a cheapann sibh faoin méid a tharla an tseachtain seo caite anseo?

Triona Ní Shíocháin, Mainistir Fhear Maí

Tá sé náireach.

Gormlaith Ní Shíocháin Ní Bheoláin, Mainistir Fhear Maí

Ní aontaímid leis.

Amhlaoihbh Ó Síocháin Ó Beoláin, Mainistir Fhear Maí

Agus níl siad ach ag iarraidh scoilt a chruthú sa phobal. Táimid ar fad le chéile sa bhaile seo mar phobal mór amháin.

Tomás Ó Mainnín

Cé go ndein² grúpa beag iarracht cur isteach ar shlógadh an lae inniu, dúradh leo sin nach raibh aon fháilte rompu féin ná a dteachtaireacht neamhfháilteach roimis theifigh sa cheantar seo. Tomás Ó Mainnín, Nuacht TG4 i Mainistir Fhear Maí.

¹ roimis = leagan canúnach de 'roimh'

² go ndein = leagan canúnach de 'go ndearna'

Fáilte roimh chách

NÓTAÍ & FREAGRAÍ

A: MACHNAMH

1. Féach:

Teifigh (refugees)	Daoine a fhágann a dtír dhúchais féin toisc go bhfuil a saol i mbaol nó toisc go bhfuil géarleanúint á déanamh orthu.
Lucht iarrtha tearmainn (asylum seekers)	Daoine a fhágann a dtír dhúchais féin toisc go bhfuil a saol i mbaol nó toisc go bhfuil géarleanúint á déanamh orthu. Bíonn na daoine seo ag lorg tearmainn i dtíortha eile ach ní 'teifigh' iad go fóill.
Imircigh (migrants)	Daoine a fhágann a dtír dhúchais chun saol níos fearr a bheith acu i dtír eile.

2. Tuairimíocht atá i gceist anseo.

B: FOCLÓIR

1. Féach:

slógadh	rally
tacaíocht	support
agóid	protest
á lonnú	being settled
i gcoinne an chiníochais	against racism
teachtaireacht	message
gníomh náireach	shameful act, deed
rogha	choice
in am an ghátair	in time of need
scoilt	split

2. Féach:

- Ní bhíonn aon **rogha** ag teifigh ach a dtír dhúchais a fhágáil.
- Caithimid seasamh le daoine **in am an ghátair**.
- Bhí **agóid** ar bun inar léiríodh míshástacht faoi theifigh a bheith **á lonnú** san áit.
- Bhí **slógadh** ar siúl chun **tacaíocht** a léiriú do na teifigh.
- **Gníomh náireach** a bhí san agóid i gcoinne na dteifeach, a dúirt muintir an phobail.
- Tá siad ag iarraidh **scoilt** a chruthú sa phobal.
- Is é **teachtaireacht** an tslógaidh ná go bhfuil fáilte roimh theifigh agus roimh lucht iarrtha tearmainn.
- D'eagraigh daoine atá **i gcoinne an chiníochais** an slógadh anseo inniu.

3. Féach:

You're welcome: *Tá fáilte romhat/romhaibh*
Welcome to Ireland: *Fáilte go hÉirinn*
A hundred thousand welcomes: *Céad míle fáilte*
A generous welcome: *Fáilte Uí Cheallaigh*

C: TUISCINT

Féach an script agus 1 – c, 2 – a, 3 – d, 4 – b.

Fáilte roimh chách

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (an aidiacht shealbhach)

a) Féach:

Bá é a **dteachtaireacht** ná go raibh fáilte roimh theifigh.

Seasfaimid le daoine a bhfuil an saol tar éis dul ina **gcoinne**.

b) Féach:

mo + cóta	mo chóta
do + cóta	do chóta
a + cóta (his)	a chóta
a + cóta (her)	a cóta
ár + cótaí	ár gcótaí
bhur + cótaí	bhur gcótaí
a + cótaí	a gcótaí

mo + árasán	m'árasán
do + árasán	d'árasán
a + árasán (his)	a árasán
a + árasán (her)	a hárasán
ár + árasán	ár n-árasán
bhur + árasán	bhur n-árasán
a + árasán	a n-árasán

2: Saibhreas teanga (seanfhocail)

Féach:

Is ar scáth a chéile a mhaireann na daoine. (No man is an island.)

Aithnítear cara i gcruatan. (A friend in need is a friend indeed.)

Ní théann fial go hifreann. (Generosity is a saving virtue.)

Mol an óige is tiocfaidh sí. (Youth responds to praise.)

E: CUMARSÁID

1: Caint

Léigh trí na treoracha leis an rang ar dtús agus abair leo ansin plé a bheith acu faoi theifigh agus faoi na rudaí a theastaíonn uathu nuair a thagann siad go hÉirinn. Bí ag siúl timpeall ag éisteacht leo agus iad ag caint.

2: Scríobh

Abair leo ansin liosta a scríobh amach de na rudaí a phléigh siad faoi **Caint**. Ba cheart go mbeadh an liosta cosúil leis na samplaí atá tugtha.

Curtha ar fáil ag



**Ollscoil
Mhá Nuad**
Ollscoil na hÉireann
Má Nuad

**Lárionad
na Gaeilge**
Taighde, Teagasc
& Tástáil

le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas
Gaeilge & Gaelscoláilochta



An Roinn Turasoireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaeltacht, Sport and Media

